Ceisteana Coitianta – Athnuachaintí ar Scoláireachtaí Uile-Éireann 2024.

**Conas is féidir liom mo scoláireacht a athnuachan?**

Gheobhaidh tú ríomhphost chuig an seoladh a luaigh tú ina mbeidh nasc chun do scoláireacht a athnuachan roimh an mbliain acadúil 2024/2025.

**Táim ag déanamh staidéar thar lear don bhliain acadúil 2024/25, an bhfuilim incháilithe fós?**

Tá más rud é go bhfuil tú ag freastal ar chúrsa faofa in Institiúid Ardoideachais faofa atá maoinithe go poiblí agus go gcomhlíonann tú gach critéar incháilitheachta eile**.**

**Rinne mé áit choláiste sa bhliain 2024 a chur siar, an gcáillím an scoláireacht?**

Ní cháileann, faoi théarmaí na Scéime is féidir leat áit choláiste a chur siar ar feadh suas le bliain amháin le linn do chuid staidéir fochéime.

**Conas a chuirim é sin in iúl don Roinn más gá dom mo chúrsa a chur siar?**

Tá an rogha seo maidir le cur siar ar fáil ar an bhfoirm athnuachana ar líne.

**Cé mhéad bliain atá sa scoláireacht?**

Beidh feidhm ag na scoláireachtaí ar feadh ré forordaithe na gclár fochéime a roghnaítear agus €6,750 don bhliain acadúil 2023/2024, is é sin luach bliantúil na scoláireachta.

**Conas a gheobhaidh mé íocaíocht?**

Don bhliain acadúil 2024/25, déanfar íocaíocht i dtráthchodanna ag brath ar gach riachtanas a bheith comhlíonta agat mar mhac léinn de réir Scéim Scoláireachtaí Uile-Éireann 2024.

**An bhfaighidh mé an scoláireacht má bhíonn orm bliain acadúil iomlán a dhéanamh arís?**

Ní íocfar scoláireachtaí i leith an dara tréimhse freastail ar an leibhéal céanna d'aon chúrsa faofa chun críocha na scéime scoláireachtaí seo.

**Cad a tharlóidh mura gcríochnaíonn mé an bhliain ar an gcoláiste, an amhlaidh nach mbeidh mé incháilithe don scoláireacht?**

I gcás nach gcríochnaítear cúrsa in aon bhliain, scrúdófar na cúinsí a bhain le neamhchríochnú an chúrsa agus déanfar athbhreithniú ar aon dámhachtain dá réir. Déan teagmháil ag **scholarship@dfheris.gov.ie**

**An féidir scoláireacht a tharraingt siar?**

Coinnítear an ceart chun tairiscint a tharraingt siar i gcás aon earráide nó easnaimh ar bith san fhaisnéis a sholáthraíonn an t-iarrthóir nó thar a c(h)eann.

**An gá dom é sin a chur in iúl don Roinn má athraím mo shonraí bainc?**

Déan teagmháil le scholarship@dfheris.gov.ie chun muid a chur ar an eolas maidir le haon athrú ar do shonraí bainc.

**Cé chuige a sheolaim mo cheisteanna?**

Is é an tIontaobhas a chinnfidh gach ceist nó aighneas a éireoidh maidir le léiriú nó forléiriú na scéime seo agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh sin. Ba cheart gach ceist a chur chuig scholarship@dfheris.gov.ie.

**Chun tuilleadh eolais a fháil:**

Tá Scéim Scoláireachtaí Uile-Éireann ar fáil ag www.sab.ie

Tá suíomh Gréasáin ar leith ag Iontaobhaithe Scoláireachtaí Uile-Éireann ag www.allirelandscholarships.com.